2025/1876

17.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1876 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Meán Fómhair 2025

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Septihol IPA products' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2024 chuir STERIS Ireland Limited iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]) maidir le húdarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'Septihol IPA products', de chineálacha táirgí 2 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-TY101997-90 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Rinneadh tagairt san iarratas don táirge bithicídeach singil 'Isopropanol 70 Biocide' (uimhir údaraithe EU-0027707-0022), táirge a bhaineann leis an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Brenntag GmbH Propan-2-ol Product Family', arna údarú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2252 ón gCoimisiún ([3]), (uimhir údaraithe EU-0027707-0000).

(2) Is é própán-2-ól an tsubstaint ghníomhach atá sa táirge bithicídeach singil 'Septihol IPA products', ar substaint é a chuimsítear ar liosta an Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 2 agus 4.

(3) An 24 Eanáir 2025, chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Septihol IPA products' i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) Sa tuairim uaithi, tagann an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí a mhaítear idir an táirge bithicídeach singil 'Septihol IPA products' agus an táirge bithicídeach singil tagartha gaolmhar 'Isopropanol 70 Biocide', táirge a bhaineann leis an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Brenntag GmbH Propan-2-ol Product Family', ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([5]), agus, ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Brenntag GmbH Propan-2-ol Product Family' agus faoi réir chomhlíonadh an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann an táirge bithicídeach singil céanna 'Septihol IPA products' na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2252 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Brenntag GmbH Propan-2-ol Product Family' (IO L 297, 17.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2252/oj).

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 24 Eanáir 2025 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna 'Septihol IPA products', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil chéanna 'Septihol IPA products' a dheonú.

(6) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Brenntag GmbH Propan-2-ol Product Family'.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear leis seo údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0034093-0000 do STERIS Ireland Limited chun an táirge bithicídeach singil céanna 'Septihol IPA products' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 7 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 30 Samhain 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Mean Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TÁIRGE BITHICÍDEACH

Septihol IPA products

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

Uimhir an údaraithe: EU-0034093-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0034093-0000

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	Septihol Sterile Septihol Ready-To-Use Alcohol Solution Septihol WFI

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	STERIS Ireland Limited
	Seoladh	IDA Business and Technology Park Tullamore R35 X865 County Offaly IE
Uimhir an údaraithe	EU-0034093-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0034093-0000	
Dáta an údaraithe	an 7 Deireadh Fómhair 2025	
Dáta éaga an údaraithe	30 November 2032	

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	STERIS Corporation
Seoladh an mhonaróra	7501 Page Avenue MO 63133 St. Louis Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	STERIS Corporation 7501 Page Avenue MO 63133 St. Louis Na Stáit Aontaithe

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	ExxonMobil
Seoladh an mhonaróra	4999 Scenic Highway LA 70897 Baton Rouge, Louisiana Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	ExxonMobil site 1 4999 Scenic Highway LA 70897 Baton Rouge, Louisiana Na Stáit Aontaithe

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	Shell Nederland Raffinaderij B.V.
Seoladh an mhonaróra	Vondelingenweg 601, Vodelingenenplaat 3196 KK Rotterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Shell Nederland Raffinaderij B.V. site 1 Vondelingenweg 601, Vodelingenenplaat 3196 KK Rotterdam An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	INEOS Solvents Germany GmbH
Seoladh an mhonaróra	Römerstrasse 733 47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	INEOS Solvents Germany GmbH site 1 Römerstrasse 733 47443 Moers An Ghearmáin INEOS Solvents Germany GmbH site 2 Shamrockstraße 88 44623 Herne An Ghearmáin

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	70 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Meitea-SPC 2: XX - Eile: Sprae truicir Réidh le hÚsáid

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh.
Ráitis réamhchúraim	P101: Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe. P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P233: Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P261: Seachain gala a análú. P261: Seachain sprae a análú. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P280: Caith súilchosaint. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P312: Cuir glao ar IONAD NIMHE / dochtúir má bhraitheann tú tinn. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh cóir. P403+P235: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád fionnuar é. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar i gcomhréir le rialacháin áitiúla. P501: Diúscair coimeádán i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Úsáid 1 – Sprae Leachtach – Díghalrú dromchla beag – Úsáideoir gairmiúil

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir (lena n-áirítear, Mycobacterium) Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: -

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú dromchlaí beaga neamh-scagacha, ábhair, trealaimh agus troscáin i láithreacha príobháideacha, poiblí, cúraim sláinte, tionsclaíocha agus i láithreacha ina ndéantar gníomhaíochtaí gairmiúla.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Maidir le díghalrú dromchla, cuirtear tuaslagán sprae réidh le húsáid (20 ml/m²) ar dhromchlaí ag teocht an tseomra. - Airí uainithe: Cuir de réir riachtanas, cur amháin in aghaidh na húsáide, 4 huaire in aghaidh an lae. Díghalrú beag dromchla (seachas cúram sláinte): Baictéaricídeach agus giostaicídeach: am teagmhála 1 nóiméad ar a laghad I láthair cúraim sláinte: Baictéaricídeach agus giostaicídeach: am teagmhála 5 nóiméad ar a laghad
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal HD-PE: 0,1 l - 2,5 l; (Caipíní scriú (HD-PE) nó caipíní (PP) nó caipíní caidéil (PP) nó caipíní spraeála truicir (PP) nó caipíní sábháilteachta (PP)) — Canna HD-PE: 5 l - 60 l; (Caipíní scriú (PE/LDPE/HD-PE) nó caipíní sábháilteachta (HD-PE)) — Druma HD-PE: 200 l; (Breiseán plaisteach le córas aerála (HD-PE) nó breiseán plaisteach don sconna (HD-PE) nó sconna plaisteach (HD-PE) nó caipíní séala (HD-PE)) — Coimeádán IBC HD-PE: 1000 l; (Caipíní scriú (HD-PE))

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

1) Cuir an táirge réidh le húsáid ar an dromchla trí spraeáil. Déan cinnte dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán agus fanacht 1 nóiméad (díghalrú ginearálta dromchla) nó 5 nóiméad (dromchlaí i láthair cúraim sláinte)

2) Le húsáid ag teocht an tseomra.

3) Cuir de réir riachtanas, cur amháin in aghaidh na húsáide, 4 huaire in aghaidh an lae.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féadtar an chéim seo a leanas a mheas a dhéanfaidh baol pearsanta a laghdú don nós imeachta athlíonta ach amháin más féidir céimeanna teicniúla agus / nó eagraíochtúla a chur ina hionad sin:

Moltar cosaint súl a úsáid le linn an táirge a athlíonadh.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2.

Úsáid 2 – Sprae Leachtach - Díghalrú do dhromchlaí beaga teagmhála bia – Úsáideoir gairmiúil

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú dromchlaí beaga neamh-scagacha san earnáil bia nó sna tionscail próiseála bia (lena n-áirítear grúdlanna, tionscal na déiríochta agus an tionscal feola).
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: spraying Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Maidir le díghalrú dromchla, cuirtear tuaslagán sprae réidh le húsáid (20 ml/m²) ar dhromchlaí ag teocht an tseomra. - Airí uainithe: Cuir de réir riachtanas, cur amháin in aghaidh na húsáide, 4 huaire in aghaidh an lae. Díghalrú dromchla beag: Baictéaricídeach agus giostaicídeach: am teagmhála 1 nóiméad ar a laghad I nGrúdlanna/ tionscal feola: Baictéaricídeach agus giostaicídeach: am teagmhála 5 nóiméad ar a laghad I dtionscal na déiríochta: Baictéaricídeach agus giostaicídeach: am teagmhála 15 nóiméad ar a laghad
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal HD-PE: 0,1 l - 2,5 l; (Caipíní scriú (HD-PE) nó caipíní (PP) nó caipíní caidéil (PP) nó caipíní spraeála truicir (PP) nó caipíní sábháilteachta (PP)) — Canna HD-PE: 5 l - 60 l; (Caipíní scriú (PE/LDPE/HD-PE) nó caipíní sábháilteachta (HD-PE)) — Druma HD-PE: 200 l; (Breiseán plaisteach le córas aerála (HD-PE) nó breiseán plaisteach don sconna (HD-PE) nó sconna plaisteach (HD-PE) nó caipíní séala (HD-PE)) — Coimeádán IBC HD-PE: 1 000 l; (Caipíní scriú (HD-PE))

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

1) Cuir an táirge réidh le húsáid ar an dromchla trí spraeáil. Déan cinnte dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán agus fanacht 1 nóiméad ar a laghad (díghalrú dromchla ginearálta), 5 nóiméad (díghalrú dromchla i ngrúdlanna nó i dtionscal na feola) nó 15 nóiméad ar a laghad (díghalrú dromchla i dtionscal na déiríochta).

2) Le húsáid ag teocht an tseomra.

3) Cuir de réir riachtanas, cur amháin in aghaidh na húsáide, 4 huaire in aghaidh an lae.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féadtar an chéim seo a leanas a mheas a dhéanfaidh baol pearsanta a laghdú nuair atá innealra próiseála bia á dhífhabhtú agus don nós imeachta athlíonta, ach amháin más féidir céimeanna teicniúla agus / nó eagraíochtúla a chur ina hionad sin: Moltar cosaint súl a úsáid nuair atá an táirge á láimhseáil.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** ([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

1) Caithfear táirgí a chroitheadh sula n-úsáidtear iad.

2) Ná déan níos mó ná 20 ml/m2 a chur.

3) Ní foláir ceirtíní a úsáideadh a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

1) Seachain teagmháil le súile.

2) Ní foláir tonnadóir a úsáid nuair atá athlíonadh á dhéanamh.

3) Ní ceart an táirge seo a úsáid ach chun dromchlaí beaga a dhífhabhtú.

4) Coinnigh ar shiúl é ó leanaí agus ó pheataí.

5) Ná húsáid ach i gceantair dea-aeráilte.

6) Coinnigh leanaí agus peataí ar shiúl ó sheomraí ina bhfuil dífhabhtú ar shiúl.

7) Cuir go leor aerála ar fáil sula dtagann leanaí agus peataí isteach chuig seomraí a ndearnadh cóireáil orthu.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

1) I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

2) MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

1) Táirge: Níl cead an táirge seo a dhiúscairt le dramhaíl ghinearálta. Teastaíonn diúscairt speisialta i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

2) Ná lig don táirge dul isteach i ndraenacha.

3) Déan teagmháil le seirbhísí diúscartha dramhaíola.

4) Pacáistiú truaillithe: Folamh an pacáistiú truaillithe go maith. Is féidir é a athchúrsáil tar éis glanadh críochnúil ceart. Caithfear pacáistiú nach féidir a ghlanadh a dhiúscairt ar an mbealach céanna leis an táirge.

5) Ná dó, nó ná bain úsáid as tóirse gearrtha ar an druma folamh. Riosca go bpléascfaidh sé.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

1) Stóráil in áit dhea-aeráilte.

2) Coimeád fionnuar é.

3) Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

4) Coinnigh é ar shiúl ón teas, dromchlaí te, splancacha, lasair oscailte agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac.

5) Seilfré: 24 mí

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Tá própán-2-ól sa táirge (CAS Uimh.: 67-63-0), dár comhaontaíodh luach tagartha Eorpach de 129,28 mg/m³ don úsáideoir gairmiúil agus úsáideadh é le haghaidh measúnú riosca an táirge.

(1) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.